

**Comhairle Contae Dhún na nGall**  
**Foirm Iarratais Fhorlíontach ar Thithíocht Tuaithe**  
**Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018-2024**

Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú le haghaidh gach iarratais ar thithíocht tuaithe agus tá sí de bhreis ar an fhoirm iarratais chaighdeánach. Trí fhreagraí cruinne cuimsitheacha a thabhairt ar na ceistanna seo agus na doiciméid tacaíochta chuí a thabhairt isteach, cabhrófar le d'iarratas a mheasúnú agus a phróiseáil go tráthúil. Iarrtar ar iarratasóirí gach rannán a chomhlánú ach bloclitreacha agus dúch gorm nó dubh a úsáid.

Tabhair faoi deara nach mór an fhoirm seo a chomhlánú agus a léamh i gcomhar leis na codanna ábhartha uile de Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024.

Ainm an Iarratasóra	
Seoladh Reatha [an baile fearainn san áireamh]	
Cá fhad atá an t-iarratasóir ina c(h)ónaí ag an seoladh reatha?	
Tabhair seoladh an láithreáin forbartha a bheartaítear	

1.0	Cén ceann díobh seo a bhaineann leis an teaghais a bheartaítear?	Cuir Tic leis
	Áit chónaithe príomhúil, príomha agus bhuan	
	Áit chónaithe thánaisteach	
	Teach Saoire	
	Amhantrach (le díol)	

2.0	Stair Phleanála:			
	An bhfuil sé amhlaidh gur deonaíodh cead pleanála duit am ar bith riamh le haghaidh teaghais atá lonnaithe ar láithreán eile?	<b>Tá:</b>	<b>Níl:</b>	
	Má Tá, cad é an uimhir thagartha don iarratas pleanála?			
Má Tá, cad a tharla don				

	chead/fhorbairt roimhe? <i>i.e. – díoladh é/í, níor tógadh é/í, etc.</i>		
<b>3.0</b>	<b>Cén Ceantar Beartas Tithíochta Tuaithe a bhfuil an láithreán ábhartha lonnaithe ann?</b>	<b>Comhlánaigh</b>	<b>Cuir Tic leis</b>
	Ceantar Tuaithe níos Láidre	<b>Rannán 4.0 agus 7.0 thíos</b>	
	Ceantar Tuaithe a bhfuil Struchtúr Lag aige	<b>Rannán 5.0 agus 7.0 thíos</b>	
	Ceantar faoi Thionchar Uirbeach Láidir	<b>Rannán 6.0 agus 7.0 thíos</b>	

<b>4.0</b>	<b>Beartas RH-P-3 - Ceantair Thuaithe níos Láidre:</b>		
	<p>Is beartas de chuid na Comhairle é tograí a bhreithniú ó iarratasóirí ionchasacha a bhfuil gá acu le tithíocht laistigh de cheantar atá sainithe mar Cheantar Tuaithe níos Láidre, ar an choinníoll go léiríonn siad gur féidir leo gach beartas ábhartha eile den Phlean seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear RH-P-1 agus RH-P-2, agus i gcás gur féidir leis an iarratasóir a léiriú go gcomhlíonann sé/sí ceann amháin nó níos mó de na catagóirí gá tithíochta atá leagtha amach sa Bheartas sin – féach Beartas RH-P-3 de Chaibidil 6 de Chuid B den Phlean Forbartha Contae, 2018-2024 (leathanach 120). <b>Ní cheadófar forbairt tithíochta nua sna ceantair seo.</b></p> <p>Cuir in iúl thíos cén chatagóir gá tithíochta a bhfuil an t-iarratas ábhartha bunaithe uirthi:</p>		
			<b>Cuir Tic leis</b>
	Duine ar ghníomhaíocht thuathbhunaithe í a f(h)ostaíocht phríomha agus a bhfuil fíorghá léirithe aige/aici le cónaí i gceantar na háite fostaíochta sin		
	Duine a bhfuil nasc ríthábhachtach aige/aici leis an cheantar tuaithe de bharr gur chónaigh sé/sí sa phobal seo ar feadh tréimhse shuntasach dá s(h)aol, ar tréimhse í atá cothrom le 7 mbliana ar a laghad		
	Duine a bhfuil nasc ríthábhachtach aige/aici leis an cheantar tuaithe de bharr go bhfuil garghaolta aige/aici a chónaigh sa phobal ar feadh íostréimhse 7 mbliana		
Duine a bhfuil nasc ríthábhachtach aige/aici leis an			

	cheantar tuaithe de bharr go dtugann sé/sí cúram do dhuine ar chónaitheoir reatha ann é/í le 7 mbliana ar a laghad anuas	
	Duine ar féidir leis/léi a léiriú go bhfuil fíorghá aige/aici le cónaí i suíomh tuaithe áirithe ar chúinsí eisceachtúla sláinte	
	<p>Tabhair achoimre ghairid ar chúinsí do ghá tithíochta:</p> <p><i>Ní bheidh feidhm ag an bheartas seo maidir le duine aonair atá tar éis leas a bhaint cheana féin as cead do theaghais ar láithreán eile, mura féidir a léiriú go bhfuil cúinsí eisceachtúla ann. D'áireofaí le cúinsí eisceachtúla tosca ina mbeadh an t-iarratasóir tar éis teaghais áitithe agus thógtha a raibh cead roimhe seo aici a dhíol le duine a chomhlíonann ceanglais bona fide an cheada sin, ach gan a bheith teoranta dóibh sin.</i></p>	

5.0	<b>Beartas RH-P-4 – Ceantair Thuaithe a bhfuil Struchtúr Lag acu:</b>	
	<p>Is beartas de chuid na Comhairle é tograí do thithíocht aonuaire nua laistigh de cheantair thuaithe a bhfuil struchtúr lag acu a bhreithniú ó aon iarratasóirí ionchasacha a bhfuil gá acu le teaghais (gá uirbeach nó tuathghinte), ar an choinníoll go léiríonn siad gur féidir leo gach beartas ábhartha eile den Phlean seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear RH-P-1 agus RH-P-2 – féach Beartas RH-P-4 de Chaibidil 6 de Chuid B den Phlean Forbartha Contae, 2018-2024 (leathanach 120).</p> <p><b>Ní cheadófar forbairt tithe saoire nua sna ceantair seo.</b></p>	
	<p>Tabhair achoimre ghairid ar chúinsí do ghá tithíochta:</p>	

--	--

<b>6.0</b>	<b>Beartas RH-P-5 – Ceantair faoi Thionchar Uirbeach Láidir:</b>		
	Is beartas de chuid na Comhairle é tograí do thithíocht tuaithe aonuaire nua a bhreithniú laistigh de Cheantair faoi Thionchar Uirbeach Láidir ó iarratasóirí ionchasacha a bhfuil fíorghá léirithe acu le teaghais nua agus ar féidir leo fianaise a chur ar fáil gur chónaigh siadsan, nó a dtuismitheoirí nó a seantuismitheoirí, laistigh den cheantar faoi thionchar uirbeach láidir i bhfoisceacht an láithreáin iarratais am éigin ar feadh tréimhse 7 mbliana ar a laghad. Tá an méid sin thuas faoi réir na mbeartas ábhartha eile den Phlean a chomhlíonadh, lena n-áirítear RH-P-1 agus RH-P-2 – féach Beartas RH-P-5 de Chaibidil 6 de Chuid B den Phlean Forbartha Contae, 2018-2024 (leathanach 120).		
	<b>Ní cheadófar forbairt tithe saoire nua sna ceantair seo.</b>		
	Cuir in iúl thíos cé acu atá d'iarratas bunaithe ar do chónaitheacht féin, atá sé bunaithe ar chónaitheacht do thuismitheoirí nó atá sé bunaithe ar chónaitheacht do sheantuismitheoirí agus tabhair an líon blianta lena mbaineann an chónaitheacht sin:		
		<b>Baile fearainn cónaithe</b>	<b>An líon blianta ag an seoladh seo</b>
	Mo chónaitheacht féin		
	Cónaitheacht mo thuismitheoirí		
	Cónaitheacht mo sheantuismitheoirí		
		<b>Tá</b>	<b>Níl</b>
	An bhfuil sé amhlaidh gur chuir tú léarscáil ar fáil ina bhfíoraítear suíomh an tseolta a bhfuil tú ag beartú brath air agus a ghaol leis an láithreán ábhartha?		
<i>Más é 'níl' an freagra, cuir cineál malartach fianaise doiciméadaí ar fáil ina bhfíoraítear suíomh an tseolta a bhfuil tú ag beartú brath air agus a ghaol leis an láithreán ábhartha.</i>			
Tabhair achoimre ghairid ar fhíorchúinsí do ghá tithíochta:			

--	--

<b>7.0</b>	<b>Fianaise dhoiciméadach tacaíochta:</b>	
	Cuir in iúl thíos cén cineál malartach fianaise doiciméadaí a cuireadh isteach chun tacú le d'iarratas ar theaghais tuaithe agus cuir in iúl freisin cúinsí agus catagóirí do ghá tithíochta:	
		<b>Cuir Tic leis</b>
	Litir Bona Fide ó Chomhalta Tofa de Chomhairle Contae Dhún na nGall	
	Litir ó fhostóir	
	Teastas Breithe, Deimhniú Pósta, etc.	
	Litir ón chléir áitiúil	
	Fianaise Leighis	
Eile		

**Moltar go mór d'iarratasóir ionchasach raon cuimsitheach iomlán fianaise doiciméadaí a thabhairt mar thaca lena (h)iarratas, ar fianaise í ina léirítear go sonrach agus go follasach cúinsí a g(h)á tithíochta de réir raon feidhme agus chatagóirí an bheartais tithíochta tuaithe lena mbaineann agus gan bearna a bheith ann. Ní leor Ráiteas a thugtar in éagmais fianaise. I gcás nach réitítear an fhadhb sin ina hiomláine, is féidir go mbeidh moilleanna ann ar d'iarratas a phróiseáil más amhlaidh gur gá don Údarás Pleanála iarraidh ort faisnéis bhreise a thabhairt.**

**NÓTAÍ:**

<b>Tagairt an bheartais</b>	<b>An Plean Forbartha Contae, Cuid agus Uimh. Leathanaigh</b>
RH-P-3 Ceantair Thuaithe níos Láidre	Cuid 6.3.3; leathanach 120
RH-P-4 Ceantair Thuaithe a bhfuil Struchtúr Lag acu	Cuid 6.3.3; leathanach 120

RH-P-5 Ceantair faoi Thionchar Uirbeach Láidir	Cuid 6.3.3; leathanach 120
---	----------------------------

**Nóta comhairleach:**

Is chun críocha cabhair a thabhairt d'iarratasóirí an fhoirm iarratais fhorlíontach faoi iamh a chomhlánú a chuirtear na tagairtí beartais thuas ar fáil. Tá na beartais sin mar chuid de shraith leathan beartas a chuimsítear sa Phlean Forbartha Contae agus a d'fhéadfaí a chur san áireamh nuair atá iarratas pleanála á bhreithniú. Tá sé tábhachtach nach mór an rannán seo a léamh i gcomhar le Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018-2024, lena n-áirítear Beartais RH-P-1 agus RH-P-2.

Sínithe \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_